Snáithe: **Ealaín**

Téama: Péintéireacht theibí

## Ag díriú ar thorthaí foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**

**1.4** Taispeáint conas a úsáideann sé líníocht chun an fhíor dhaonna agus an domhan mórthimpeall air a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú

**1.2** Freagairt do shaothar ealaíne le teanga chriticiúil agus amhairc

**1.12** A thuiscint ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha a chur i bhfeidhm chun saothar ealaíne a dhéanamh

**1.14** Meáin a úsáid chun a shaothar ealaíne féin a chruthú

## Cuspóirí foghlama *

**Táim ag foghlaim chun:**

- Teicnící líníochta éagsúla a úsáid chun bunfhoinse a thaifeadadh agus a anailísiú
- Cur síos a dhéanamh ar shaothar ealaíne, agus é a phlé, ag úsáid Straitéisí Smaointeoireachta Amhairc
- Rianpháipéar/lorgáin radhairc a úsáid chun píosaí a dhéanamh
- Triail a bhaint as dathanna fionnuara agus teolaí agus iad a roghnú
- An píosa deiridh a shainaithint agus a roghnú
- Péint a úsáid agus marcanna a dhéanamh le hábhair éagsúla
- Saothar a chóiriú/a chur i bhfráma agus teideal a roghnú (le ráiteas an ealaíontóra)
- Machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama

## An comhthéacs teagaisc agus foghlama

Ba thionscadal "trialach" a bhí anseo do scoláirí cumais mheasctha ag tús na céad bhliana. Iarradh orthu líníochtaí de bhunfhoinse a shainaithint, a roghnú agus a dhéanamh ina leabhair sceitseála Amharc-ealaíne. Bhain siad úsáid as na líníochtaí sin mar bhunús do staidéir bheaga ar dhathanna, agus bhí fráma le cur ar cheann acu. Roinneadh na cuspóirí foghlama leis na scoláirí agus cheap siad na critéir rathúlachta.

Roghnaigh na scoláirí bunfhoinse agus rinne siad caoch-líníochtaí, caoch-líníochtaí modhnaithe agus línelíníochtaí. Phléigh siad péintéireacht ag úsáid na modheolaíochta sna Straitéisí Smaointeoireachta Amhairc agus bhain siad leas as a gcuid foghlama chun na codanna tábhachtacha de phéintéireacht a shainaithint. Tharraing siad cruthanna A5 ar rianpháipéar agus d'úsáid siad iad chun píosaí suimiúla a shainaithint. Rinne siad staidéar ar dhathanna fionnuara le pionsail dhaite, d'úsáid siad dathanna teolaí le huiscedhathanna ar pháipéar uiscedhatha agus d'úsáid siad péint aicrileach ar pháipéar canbháis (i scéim dathanna dá rogha féin). Rinne siad machnamh freisin ar a gcuid foghlama i rith an tionscadail.

## Tasc

Péintéireacht theibí mhionscála a fhorbairt

## Critéir rathúlachta**

**CR1:** Tuairim ar bhunfhoinsí a thaispeáint trí líníocht

**CR2:** Mo líníochtaí a fhorbairt ag úsáid teicnící caocha, modhnaithe agus líne

**CR3:** Píosa éifeachtach daite a shainaithint agus a roghnú

**CR4:** Raon dathanna teolaí/fionnuara a dhéanamh agus iad a chur i bhfeidhm trí mheáin éagsúla

**CR5:** Machnamh a dhéanamh ar ár bhfoghlaim agus ar oiriúnacht ár dteidil

* Cad ba cheart a bheith ar eolas ag an scoláire, an tuiscint atá aige agus cad ba cheart dó a bheith in ann a dhéanamh ag deireadh an cheachta nó sraith ceachtanna

** Achoimre ar na príomhchéimeanna nach mór don scoláire a chomhlíonadh ionas go n-éireoidh leis sa tasc

## Nótaí an mhúinteora ag úsáid na gcritéar rathúlachta

Tugtar an méid atá tugtha faoi deara ag an múinteoir le chéile sna nótaí, ag úsáid na gcritéar rathúlachta, féachaint leis an leibhéal gnóthachtála atá i gceist sa saothar seo a dhéanamh amach. Dheimhnigh grúpa um Dhearbhú Cáilíochta, ina raibh múinteoirí atá istigh sa rang agus ionadaithe as CNCM, an Chigireacht, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus seirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí na nótaí agus na breithiúnais.

## Chomhlíon an scoláire na critéir rathúlachta go léir mar:

**CR1:** forbraíodh an saothar ó fhoinsí, spéisiúla a raibh spéis phearsanta aige féin ann

**CR2:** bhí a chuid scileanna líníochta lag ar dtús báire ach is léir go ndearna sé dul chun cinn maith

**CR3:** d'aithin sé réimsí spéisiúla agus éagsúla i gcomhair an phíosa lena n-áirítear turgnaimh le dathanna

**CR4:** bhain sé úsáid chúramach as dath agus cuireadh i bhfeidhm go stuama é

**CR5:** rinne sé machnamh maith ar an bhfoghlaim ach d'fhéadfadh níos mó machnaimh a bheith déanta aige ar an teideal

**Breithiúnas foriomlán: Ag teacht leis na hionchais**